



An Garda Síochána

Doiciméad Beartais

Bainistíocht Ábhar Fiontraíochta

Dáta Éifeachta	<i>[15 Meitheamh 2017]</i>
Leagan Uimh.	<i>[0.13]</i>
Arna cheadú ag	<i>[Coimisinéir]</i>
Arna thabhairt isteach le	<i>[Treoir HQ 043/2017]</i>
Úinéir Beartais	<i>[Coimisinéir Cúnta, Tacaíocht Feidhmiúcháin agus Seirbhísí Cornaráideacha]</i>

Cuspóir

Is réiteach gréasánbhunaithe é Bainistíocht Ábhar Fiontraíochta (ECM), a tugadh isteach chun cabhrú leis an nGarda Síochána an t-ábhar leictreonach go léir atá faoina rialú a stóráil, rochtain a fháil orthu, a chuardach agus a chur in eagar. Cuireann an córas ECM suíomh amháin ar fáil chun doiciméid uile an Gharda Síochána agus ábhar eile ar féidir rochtain a fháil orthu go díreach ó dheasc mheaisíní GardaIS a eagrú, a rangú agus a stóráil. Tiocfaidh ECM in ionad *na scaireanna comhaid* áitiúla atá ann cheana.

Déanfar an méid seo a leanas le ECM:

- Cumais fheabhsaithe do chuardaigh comhad a chur ar fáil.
- Slándáil mhéadaithe a sholáthar trí chomhroinnt leictreonach comhad a cheadú agus an gá atá le gairis stórála seachtracha a chealú.
- Éifeachtúlacht a mhéadú trí ábhar a roinnt trí "naisc" a dháileadh.
- Feabhas a chur ar rialú ar rochtain ar ábhar agus rianta iniúchta iomlána agus rialú leaganacha a sholáthar.

Raon Feidhme

Tá feidhm ag an mBeartas seo agus gach doiciméad gaolmhar maidir le gach ball foirne den Gharda Síochána agus gach ball sibhialtach den Gharda Síochána.

Ráiteas Beartas

Cinnteoídh an Garda Síochána go ndéanfar na sonraí leictreonacha go léir a stóráil go lárnach agus go slán ar an gcóras ECM. Úsáidfean an córas ECM le haghaidh bainistíocht comhad sa Gharda Síochána.

Tá sé éigeantach an beartas seo agus na doiciméid ghaolmhara go léir a chomhlíonadh.

Doiciméid Ghaolmhara

1. Nósanna Imeachta maidir le Bainistíocht Ábhar Fiontraíochta;
2. Ábhair Oilíúna maidir le Bainistíocht Ábhar Fiontraíochta .

Tá doiciméid ghaolmhara bhreise liostaithe sa doiciméad nósanna imeachta.

Scagthástáil ó thaobh an Dlí & Cearta Daonna de

Rinneadh athbhreithniú ar an doiciméad seo, agus ar dhoiciméad na nósanna imeachta, ó thaobh an dlí agus chearta an duine de. Tá treoir maidir leis an ábhar sonraithe sa doiciméad Nósanna Imeachta faoin gceannteideal "Scagadh Dlíthiúil agus Chearta an Duine".

Cód Eitice

Ní mór do gach duine atá ag obair sa Gharda Síochána a bheith ar an airdeall faoin ionchas atá acu, agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu, é sin a dhéanamh ar bhealach a léiríonn luachanna an Chóid Eitice. Tá treoir san ábhar seo sonraithe sa Doiciméad Nósanna Imeachta faoin gceannteideal "Cód Eitice".

Dáta Athbhreithnithe

Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas seo dhá mhí dhéag 12 óna dháta éifeachta agus gach trí bliana ina dhiaidh sin.

Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaobh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid

To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve